C/2024/3028

29.4.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1250 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1249 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma

(C/2024/3028)

Na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí atá luaite in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES ([1]) ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1250 ([2]) ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1249 ([4]) ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma, dírítear a n-aird siúd ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí ainmnithe, gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí a ndéantar trácht orthu sna hIarscríbhinní thuasluaite a fhágáil ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma. Luaitear sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin na forais ar a ndearnadh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann a liostú.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus do na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4b den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 4 Nollaig 2024**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh 2013/184/CBES agus le hAirteagal 4i(4) de Rialachán (AE) Uimh. 401/2013.

Dírítear aird an na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 111, 23.4.2013, lch. 75.
([2]) IO L, 2024/1250, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1250/oj.
([3]) IO L 121, 3.5.2013, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/1249, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1249/oj.